# Cé a Cháiligh?

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - oibríochtaí, suimiú, dealú, iolrú, roinnt<br>Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, Corpoideachas* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair, coincheapa agus próisis chuí a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl - próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige<br><br>Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | bua, comhscór, cailliúint, iomlán, pointí, tábla, stádas, bónas, cothrom, difríocht |
| **Áiseanna** | bileog acmhainne an dalta (sampla tugtha) |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

1 **Gníomhaíocht 1**

Tabhair teimpléad de chluichí ó ghrúpa cáilithe na hEorpa / Corn Domhanda / Sraith na gCuradh do na daltaí. Lig dóibh torthaí a chumadh don ghrúpa agus stádas a oibriú amach bunaithe ar na torthaí seo. Tá orthu 3 phointe a thabhairt do bhua agus 1 phointe do chomhscór. Ní thugtar pointe ar bith do chailliúint. Mínigh go mbaintear úsáid as difríocht na gcúl chun stádas deiridh na bhfoirne a shocrú má chríochnaíonn dhá fhoireann nó níos mó leis an líon céanna pointí (i.e. an difear idir líon na gcúl scóráilte agus líon na gcúl géillte).

2 **Gníomhaíocht 2**

Baineann na daltaí triail as a gcuid córas scórála féin chun a fháil amach cad a athróidh stádas an ghrúpa. Mar shampla, spreag na daltaí chun líon difriúil pointí a thabhairt do bhua nó do chomhscór, nó fiú pointí bónais a thabhairt le haghaidh líon cúl ar leith a scóráil, nó gan cúl a ghéilleadh. Iarr orthu na leasuithe a athraíonn stádas deiridh an ghrúpa a mhíniú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
| --- | --- |
| • Cé mhéad pointe san iomlán a bheadh i gceist maidir le bua amháin agus 2 chomhscór?<br>• Cé acu is fearr – bua amháin agus ceithre chomhscór nó dhá bhua? | • Cad iad na slite ar féidir leat smaoineamh orthu chun an líon pointí tugtha a leasú chun stádas an ghrúpa a athrú?<br>• Conas is féidir leat an córas pointí a athrú chun na cluichí a dhéanamh níos siamsúla?<br>• Má tá x pointe ag foireann tar éis di gach cluiche a imirt, cad iad na slite difriúla ar féidir léi an t-iomlán seo a bhaint amach? |

## Difreáil

Socraigh líon na bpointí tugtha do bhuanna, comhscór nó cailliúintí de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh. ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Craobh Shacair na hEorpa: Liosta na gCluichí

| Grúpa A | Imeartha | Bua | Comhscór | Cailliúint | Pointí |
|---|---|---|---|---|---|
| An Iodáil | | | | | |
| An Bhreatain Bheag | | | | | |
| An Eilvéis | | | | | |
| An Tuirc | | | | | |

| | |
|---|---|
| An Tuirc vs An Iodáil | An Tuirc vs An Bhreatain Bheag |
| An Bhreatain Bheag vs An Eilvéis | An Iodáil vs An Eilvéis |
| An Eilvéis vs An Tuirc | An Iodáil vs An Bhreatain Bheag |

| Grúpa B | Imeartha | Bua | Comhscór | Cailliúint | Pointí |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | | | | | |
| An Danmhairg | | | | | |
| An Fhionlainn | | | | | |
| An Rúis | | | | | |

| | |
|---|---|
| An Danmhairg vs An Fhionlainn | An Bheilg vs An Rúis |
| An Fhionlainn vs An Rúis | An Danmhairg vs An Bheilg |
| An Rúis vs An Danmhairg | An Fhionlainn vs An Bheilg |

| Grúpa C | Imeartha | Bua | Comhscór | Cailliúint | Pointí |
|---|---|---|---|---|---|
| An Ísiltír | | | | | |
| An Ostair | | | | | |
| An Úcráin | | | | | |
| An Mhacadóin | | | | | |

| | |
|---|---|
| An Ostair vs An Mhacadóin | An Ísiltír vs An Úcráin |
| An Úcráin vs An Mhacadóin | An Ísiltír vs An Ostair |
| An Mhacadóin vs An Ísiltír | An Úcrain vs An Ostair |

## Craobh Shacair na hEorpa: Liosta na gCluichí

| Grúpa D | Imeartha | Bua | Comhscór | Cailliúint | Pointí |
|---|---|---|---|---|---|
| Sasana | | | | | |
| An Chróit | | | | | |
| Poblacht na Seice | | | | | |
| Albain | | | | | |

| | |
|---|---|
| Sasana vs An Chróit | Albain vs Poblacht na Seice |
| An Chróit vs Poblacht na Seice | Sasana vs Albain |
| An Cróit vs Albain | Poblacht na Seice vs Sasana |

| Grúpa E | Imeartha | Bua | Comhscór | Cailliúint | Pointí |
|---|---|---|---|---|---|
| An tSualainn | | | | | |
| An Spáinn | | | | | |
| An tSlóvaic | | | | | |
| An Pholainn | | | | | |

| | |
|---|---|
| An Pholainn vs An tSlóvaic | An Spáinn vs An tSualainn |
| An tSualainn vs An tSlóvaic | An Spáinn vs An Pholainn |
| An tSlóvaic vs An Spáinn | An tSualainn vs An Pholainn |

| Grúpa F | Imeartha | Bua | Comhscór | Cailliúint | Pointí |
|---|---|---|---|---|---|
| An Fhrainc | | | | | |
| An Ghearmáin | | | | | |
| An Phortaingéil | | | | | |
| An Ungáir | | | | | |

| | |
|---|---|
| An Ungáir vs An Phortaingéil | An Fhrainc vs An Ghearmáin |
| An Ungáir vs An Fhrainc | An Phortaingéil vs An Ghearmáin |
| An Phortaingéil vs An Fhrainc | An Ghearmáin vs An Ungáir |